
# Breithlá Liam




Bhí Liam **deich mbliana d'aois** ar an seachtú lá de **Mhí na Samhna**. Níor thug an máistir ceachtanna dó an lá sin. Bhí **féasta** sa bhaile aige an tráthnóna céanna. Thug sé **cuireadh** dá chairde go léir. Tháinig siad ar a ceathair a chlog. Thug gach duine **bronntanas** dó. Fuair sé **saighdiúirí bréige,** gunnaí, leabhair, **liathróidí peile** agus a lán **bréagán** eile. Fuair sé a lán **cártaí breithe** freisin. Thug Liam agus a chairde an tráthnóna ag súgradh leis na bréagáin go léir. Bhí **fothram** an-mhór san áit agus bhí **tinneas cinn** ar Mhamaí. D'ól siad **líomanáid** agus oráiste agus ar a sé a chlog bhí an bia acu. Bhí **cáca breithe** ar an mbord agus **coinnle** ar lasadh air. Mhúch Liam na coinnle go tapaidh. D'ith na páistí a ndóthain ansin. Bhí ispíní agus **ceapairí** agus cáca milis ag gach duine. I ndiaidh an tae thosaigh beirt ag seinm ar an bpianó. Chuir Mamaí an ruaig orthu go léir ansin.

**Foclóir:**

**féasta,** party
**cuireadh,** invitation
**bronntanas,** gift
**cártaí breithe,** birthday cards
**fothram,** noise
**mhúch,** extinguished

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cathain a bhí breithlá Liam?
   — ar an tríú lá déag de Bhealtaine.
   — i lár an Gheimhridh.
   — ar an seachtú lá de Mhí na Samhna.

2. Cá raibh an féasta aige?
   — sa bhaile.
   — in óstán sa chathair.
   — ar scoil.

3. Cad a thug gach duine do Liam?
   — ceachtanna.
   — bronntanas.
   — ceapairí.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Thug sé — dá chairde go léir.
2. Thug Liam agus a chairde an — ag súgradh leis na — .
3. Bhí cáca breithe ar an mbord agus — ar lasadh air.
4. D'ith na páistí a — ansin.
5. Thosaigh beirt ag — ar an bpianó.

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**

cuireadh, cártaí breithe, ceapairí, bronntanas, fothram, tinneas cinn.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén aois a bhí ag Liam?
2. Cén fáth nár thug an máistir ceachtanna dó?
3. Céard a fuair Liam óna chairde go léir?
4. Cén fáth a raibh tinneas cinn ar Mhamaí?
5. An mó coinneal a bhí ar an gcáca breithe?
6. Cad a bhí le n-ithe ag na páistí?
7. Cén fáth ar chuir Mamaí an ruaig ar na páistí?
8. Cén aois tú?

**Gramadach 10**

1. Chuir Mamaí an ruaig **orthu**.
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse.)
2. D'ith **na páistí a** ndóthain ansin.
   (mise, tusa, eisean, ise.)